














# Ardstiúrthóir

TG4



# Clár na n-Ábhar


04 Cúlra TG4
05 Straitéis TG4
06 An Ról
09 Coinníollacha Seirbhíse
10 An Próiseas Roghnúcháin




# Cúlra TG4

Is craoltóir ard-mholta seirbhís phoiblí i nGaeilge é TG4 le mórán gradam buaite, atá aitheanta go hard mar gheall ar an gcur chuige nuálach agus cruthaitheach atá aige don chlársceidealú. Cuireadh ar bun é sa bhliain 1996 agus rinneadh comhlacht neamhspleách de ar bhonn reachtúil sa bhliain 2007.

Leagtar amach feidhmeanna agus dualgais TG4 (Teilifís na Gaeilge) san Acht Craolacháin 2009. I Mí Meán Fómhair 2023, sheol an tAire Catherine Martin dhá sheirbhís bhreise – Cúla4, an chéad cainéal Gaeilge tiomnaithe do pháistí riamh agus TG4+1, iad araon á bhfeidhmiú ag TG4.

Is é TG4 (Cúla4 san áireamh) an tseirbhís náisiúnta teilifíse Gaeilge. Bunaithe agus maoinithe go príomha ag an Rialtas, faigheann TG4 ioncam breise tráchtála trí fhógraíocht agus urraíocht. Tá sé ag craoladh ar gach ardán craolta ar oileán na hÉireann agus ar fud an domhain ar an Idirlíon.

Is craoltóir foilsitheoireachta an cainéal a fhaigheann an chuid is mó den ábhar craoltóireachta ó chomhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha.

Is é an tAire Turasóireachta, Cumarsáide, Ealaíon, Spóirt, Gaeltachta agus Meán a cheapann Bord TG4. Tá ceanncheathrú TG4 agus Cúla4 ag Baile na hAbhann i nGaeltacht Chonamara. Tá buiséad bliantúil thart ar €60M agus líon foirne lánaimseartha os cionn 100 ag TG4.

Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4.

# Straitéis TG4

Tá TG4 sa tarna bhliain ag cur i bhfeidhm na cuspóirí sa straitéis uallmhianach (2023-27) atá dírithe ar ocht bpríomh-ghné forbartha:

1. Seirbhísí Leanaí
2. An Lucht Féachana Níos Óige
3. Acmhainní Oideachais
4. Nuacht & Cúrsái Reatha
5. Ealaíona, Cultúr & Oidhreacht agus Spórt na hÉireann
6. Scannánaíocht agus Drámaíocht na Gaeilge
7. Infheistiú san Earnáil Léiriúcháin
8. TG4 Inbhuanaithe & Cuimsitheach

**Léigh Ráiteas Straitéiseach TG4 2023-2027**






# Am Cinniúnach do na Meáin Ghaeilge

Tá earcaíocht don Ardstiúrthóir nua ag tarlú ag am cinniúnach do na Meáin Ghaeilge.

Ar 12 Iúil 2022, ghlac an Rialtas, i bprionsabal, le 49 as 50 moladh ón gCoimisiún ar Thodhchaí na Meán. Go sonrach, maidir le TG4, deirtear i Moladh 7-1: *Ba chóir go mbeadh ceannas neamhspleách eagarthóireachta ag TG4 ar a sheirbhís nuachta. Trí sin, beidh iolracht níos fearr i gceist maidir leis an gclúdach nuachta agus cuirfear ar chumas TG4 seirbhís feabhsaithe a chur ar fáil dá lucht féachana.* Tá TG4 ag obair go gniomhach le Coimisiun na Meán leis an aidhm an moladh seo a chur i gcrích chomh luath agus is féidir.

De réir Moladh 7-2 *go bhfuil gá le hathbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí agus ábhair Ghaeilge ar fud chóras na meán [….]* (lena n-áireofaí) *moltaí ann maidir le soláthar seirbhísí Gaeilge a fheabhsú,* le béim ar:

- *struchtúir institiúideacha*, ina measc:
- róil TG4 agus RTÉ

Tá an t-athbhreithniú cuimsitheach seo ag Coimisiún na Meán ag dul ar aghaidh agus súil go bhfoilseofar é go luath I 2025.



# An Ról

| | |
|---|---|
| **Teideal an phoist:** | Ardstiúrthóir |
| **Stádas:** | Conradh 7 mbliana ar théarma seasta |
| **Comhlacht:** | TG4 |
| **Suíomh:** | Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe |

Freagraíonn an tArdstiúrthóir don Bhord agus í/é i gceannas TG4 ag comhlíonadh a fheidhmeanna. Beidh an tArdstiúrthóir lonnaithe sa gCeannáras agus í/é freagrach as gach gné den oibríocht; ina measc ach ní hamháin, airgeadas, ábhar, clársceidealú, gnóthaí tráchtála, teicneolaíocht, gnóthaí corparáideacha agus acmhainní daonna. Ar aon dul leis na dualgais reachtúla atá leagtha amach faoin Acht Craolacháin 2009, beidh an tArdstiúrthóir ag feidhmiú mar Eagarthóir Ceannais ar ábhar foilsithe na seirbhíse. Beidh sé /sí freagrach freisin as gach gné de pholasaithe agus de straitéis na seirbhíse a mhaoirseacht agus a chur i bhfeidhm. Post ar chonradh seasta 7 mbliana é seo.

**Na Príomhchúraimí**

Déanfaidh an tArdstúrthóir:

i. na dualgais agus na freagreachtaí ar fad a leagtar ar an ról faoin Acht Craolacháin, 2009 a chomhlíonadh;

ii. na dualgais eile sin a dhéanamh agus na cumhachtaí sin a fheidhmiú i ndáil le TG4 agus leis an gnó mar a leagann Bord TG4 ó thráth go chéile air nó uirthi nó a dhílsítear ann nó inti;

iii. na dualgais ar fad a dhéanamh go dícheallach, dúthrachtach, discréideach agus de réir fheabhas a c(h)umais ar gach bealach agus aird a thabhairt ar gach rún, rialachán agus treoir a ritheann agus a shocraíonn an Bord ó am go chéile agus gach rún, rialachán agus treoir den sórt sin a chomhlíonadh;

iv. nach mór iomlán a c(h)uid ama agus a c(h)uid aire le linn uaireanta oibre a chaitheamh lena c(h)uid dualgais a dhéanamh agus gach dícheall a dhéanamh an gnó agus leas na Cuideachta a chur chun cinn trí caidreamh maith oibre a chothú le gach páirtí leasmhar ina measc, ach ní hamháin an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Coimisiún na Meán, Fís Éireann/Screen Ireland, comhlachtaí neamhspleácha léiriúcháin telefíse agus eagraíochtaí Gaeilge agus Gaeltachta;

v. cloí leis na huaireanta oibre a shocraítear ó am go chéile ach nach sáraíonn oll-líon 41 uair an chloig in aghaidh na seachtaine agus ní bheifear i dteideal aon chúiteamh ná leas eile a fháil as obair a dhéantar taobh amuigh de na gnáthuaireanta oibre;

vi. i mbun a c(h)uid dualgais a dhéanamh, na seirbhísí sin a éilítear a dhéanamh d'fho-chuideachtaí a chur ar fáil agus fónamh in oifigí agus glacadh le ceapacháin i bhfochuideachtaí den sórt sin de réir mar a éilíonn an Bord Stiúrtha a dhéanamh ó am go chéile gan aon luach saothair breise mura n-aontaíonn an Bord sin agus mura gceadaíonn an tAire sin le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe;

vii. gan dul ag obair d'aon chomhlacht eile nó leas ar bith as aon chomhlacht nó gnó eile nó beartaíocht ar bith eile a sheachaint a d'fhéadfadh a bheith ina chur isteach ar a c(h)uid dualgais a chomhlíonadh mar ba chóir nó a thiocfadh in iomaíocht nó i gcoimhlint (nó a mheasfaí a bheith i gcoimhlint) ar bhealach ar bith le gnóthaí TG4;

viii. gach dícheall réasúnta a dhéanamh chun spriocanna feidhmíochta den réasún, arna leagan síos ag an mBord agus arna n-aontú ó am go chéile leis an bPríomhfheidhmeannach, a bhaint amach;

ix. gan glacadh le bronntanas, dreasacht nó aslú, go díreach nó go hindíreach ó dhuine ar bith nó a thabhairt do dhuine ar bith i mbun feidhm ar bith a bhaineann le TG4, ach amháin chomh mór agus a cheadaítear, má cheadaítear, faoin Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus faoi aon chód eitice a aontaíonn TG4 ó am go chéile agus a leasaítear ó am go chéile;
x. aird a thabhairt ar gach coinníoll faoin reachtaíocht agus gach treoirlíne de chuid an Rialtais a mbíonn feidhm leo i ndáil le TG4;
xi. gan dochar do ghinearáltacht a luaitear thuas, áirítear ar phríomhdhualgais agus ar phríomhchúraimí an Ardstiúrthóra faoi láthair:-
    a. an cheannaireacht agus an éifeacht bainistíochta a chur ar fáil is gá chun fís TG4 a thabhairt i gcrích;
    b. ceannródaíocht agus forbairt a dhéanamh maidir leis an lucht bainistíochta agus an fhoireann ionas go dtugtar ardleibhéal éifeachta i gcrích i mbun ghnó uile TG4;
    c. comhordú a dhéanamh maidir leis an bhforbairt ar TG4 ina hiomláine;
    d. plean straitéise TG4 aontaithe an Bhoird a chur i bhfeidhm;
    e. TG4 a chur chun cinn i ndáil leis na páirtithe leasmhara ar fad a bhaineann le hábhar;
    f. polasaithe agus treoracha TG4 a chur i bhfeidhm;
    g. ionracas maidir le cúrsaí airgeadais taobh istigh de TG4 a chinntiú.

Anuas ar na dualgais a leagtar amach thuas, aon dualgas cuí eile a dhéanamh a leagann Bord TG4 air nó uirthi, ó am go chéile.

# Riachtanais

**Bunriachtanais:**

Ní mór don iarrthóir, ar an dáta deiridh maidir leis an gcomórtas seo, na coinníollacha seo a leanas a shásamh:

- Taithí chruthaithe ar spriocanna a bhaint amach ag leibhéal sinsearach, an fhís, an cheannaireacht agus na scileanna bainistíochta is gá mar aon le cumas nuálach smaointeoireachta a bheith léirithe
- Ar a laghad 5 bliana de thaithí ardbhainistíochta laistigh de léiriúchán teilifíse, na meáin, an chumarsáid nó in earnáil ghaolmhar
- Ardlíofacht iomlán sa Ghaeilge, cothrom le leibhéal TGC1 (le cur síos a fháil ar an leibhéal tá nasc ag: https://www.teg.ie/_fileupload/guides/C1_syll_guide_cand_GA.pdf )
- Sárscileanna maidir le cúrsaí eagrúcháin, ceannaireachta agus bainistíochta foirne chomh maith le cumas straitéiseach agus anailíse
- Sárscileanna idirphearsanta agus cumarsáide agus cumas soiléir caidreamh oibre a chothú le daoine de gach disciplín agus le páirtithe leasmhara de gach cineál
- Cáilíocht acadúil tríú leibhéal

**Riachtanais inmhianta:**

- Eolas ar ábhar, sceidealú agus/nó teicneolaíocht teilifíse
- Taithí ar obair san Earnáil Phoiblí/Státseirbhís
- Taithí ar oibriú i dtimpeallacht a thagann faoi scáth rialúcháin
- Breithiúnas ciallmhar agus cumas oibriú faoi bhrú agus as a stuaim féin
- Scileanna maidir le gníomhú go stuama, tuisceanach, cáiréiseach
- Ardleibhéal solúbthachta agus díograise
- Ardscileanna maidir le Teicneolaíocht an Eolais
- Tuiscint ar an gcuspóir atá le TG4 agus ar an tábhacht a bhaineann le cosaint agus cur chun cinn na Gaeilge

**Na príomhréimsí inniúlachta maidir le feidhmiú go héifeachtúil ar an leibhéal seo:**

- Smaointeoireacht staitéiseach
- Ceannaireacht
- Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide
- Bainistiú agus Torthaí a Sholáthar
- Saineolas, Inniúlacht agus Féinfhorbairt
- Léiríonn luachanna Seirbhís Phoiblí

Tá de choinníoll dosheachanta go gcuireann iarrthóirí aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a theacht i gceist in iúl an tráth a ndéantar an t-iarratas. D'fhéadfadh gurb é toradh a bheadh ar theip coinbhleacht leasa den sórt sin a chur in iúl go gcuirfí an t-iarrthóir as an áireamh maidir leis an gcomórtas, sa chás go dtagann an choinbhleacht leasa chun aire lena linn sin, nó, sa chás go dtairgtear an post don iarrthóir agus go dtéann an t-iarrthóir i mbun fostaíochta le TG4 de bhun eolas míthreorach, go mbrisfí an t-iarrthóir as an bpost ar an bpointe.



# Coinníollacha Seirbhíse

**Ginearálta:**
Is ceapachán i bpost an Ardstiúrthóra faoi réir Acht Craolúcháin 2009. Is mian le TG4 Ardstiúrthóir a cheapadh ar chonradh socraithe seacht mbliana. Tá an ceapachán aontaithe ag an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán agus ag an Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Beidh ceangailte ar an té a cheaptar tréimhse promhaidh 6 mhí a dhéanamh.

**Pá:**
Tuarastal iomlán de [ ] sa bhliain a íocfar.

Féadfaidh TG4 na luachanna saothair atá iníoctha leis an Ardstiúrthóir a nochtadh ó am go ham.

Beidh an ráta ÁSPC a ghabhann leis an bpost i gcomhréir leis an reachtaíocht chuí nó le rialacháin na Roinne Coimirce Sóisialaí (nó rialacháin de chuid chomhlacht a thagann i gcomharbacht ar an Roinn sin).

**Ionad Oibre:**
Is é ceanncheathrú TG4, atá lonnaithe faoi láthair ag Baile na hAbhann, Conamara, Co. na Gaillimhe, an t-ionad oibre don ról seo. D'fhéadfadh go mbeadh ar an Ardstiúrthóir taisteal laistigh d'Eirinn agus thar lear mar atá riachtanach chun dualgais an phoist a chomhlíonadh.

Íocfaidh TG4 costais dhearbhaithe réasúnta taistil agus liúntais chothabhála leis an Ardstiúrthóir, faoi réir ag polasaí taistil agus cothabhála TG4. Féadfaidh TG4 an taisteal agus an chothabháil atá iníoctha leis an Ardstiúrthóir a nochtadh ó am go ham.

**Uaireanta freastail:**
Beidh líon nach lú ná 41 uair an chloig glan i gceist in aghaidh na seachtaine leis na huaireanta fónaimh. Beidh dlite ar an té a cheapfar oibriú ó am go chéile ar feadh oiread sin uaireanta breise agus atá réasúnta agus riachtanach maidir leis na dualgais a chomhlíonadh mar is cuí, agus ní bheidh sé/sí i dteideal aon íocaíocht ná aon leas breise a fháil le haghaidh aon obair a dhéantar lasmuigh de na gnáthuaireanta oibre.

**Pinsean:**
Baineann na socruithe seo a leanas leis an bpost:
Tá Scéim Pinsin le Ranníocaíocht Shainithe i bhfeidhm ag TG4. Íocfaidh TG4 uasráta ranníocaíochta is ionann le 15.29% de Bhuntuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh arna íoc in aghaidh na bliana de réir mar a leanann an comhaontú seo i bhfeidhm fad is a dheineann an tArdstiúrthóir ranníocaíocht bhliantúil de 8% ar a laghad den bhuntuarastal sa scéim. Glanfaidh TG4 na costais ar fad a ghabhann leis an scéim phinsin a chur ar bun agus a riar, taobh amuigh de na gnáth-tháillí tráchtála.

**Saoire Bhliantúil:**
Tá 30 lá saoire bhliantúil (pro rata do théarma níos lú) in aghaidh na bliana ag dul leis an bpost seo, (chomh maith leis na gnáthlaethanta saoire bainc agus poiblí).

**Breoiteacht:**
Déanfar íocaíocht de réir polasaí TG4, i gcás tréimhsí as láthair de bharr breoiteachta.

**Dul ar scor:**
Is é 65 an aois scoir ag TG4.

Is iad sin thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl i gceist gur liosta cuimsitheach iad de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta ar fad a dhéanfar a leagan amach sa chonradh fostaíochta a aontaítear leis an iarrthóir a cheapfar.




# An Próiseas Roghnúcháin

**An Modh Iarratais:**

Ní mór do gach iarratasóir cuairt a thabhairt ar http://www.sigmarrecruitment.com/tg4, a chaithfear an fhoirm iarratais a íoslódáil agus a líonadh (Roinn A, B & C), le seoladh ansin i dteannta CV cuimsitheach chuig tg4@sigmar.ie.

Ní ghlacfar sa bhfeachtas ach le foirmeacha iarratais agus CV atá curtha go hiomlán. Ni ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta deiridh.

**An Dáta Deiridh:**

Ní mór an t-iarratas a chur faoi bhráid tríd an tairseach iarratais ar líne roimh an 5 i.n. (díreach), Dé hAoine, an 27 Meán Fómhair 2024. Ní ghlacfar le hiarratas ar bith ó bhíonn an tráth sin caite.

Sa chás nach bhfaigheann tú admháil maidir le hiarratas taobh istigh de 24 uair an chloig ó thráth a chur isteach, cuir scéala le do thoil chuig TG4@sigmar.ie

Cuirfear an scéal is deireanaí faoin bhfeachtas chuig an seoladh ríomhphoist cláraithe a chuireann tú isteach ar an tairseach iarratais ar líne.

Is ar an iarratasóir atá an cúram a sheiceáil go bhfaightear gach mír cumarsáide ó Sigmar Recruitment Consultants Ltd. Moltar duit do chuid teachtaireachtaí ríomhphoist a sheiceáil go rialta i rith an chomórtais; anuas air sin, ba cheart an fillteán dramhphoist/turscair a sheiceáil ar eagla go mbeadh scagadh contráilte á dhéanamh ar theachtaireachtaí ríomhphoist.

Ní ghlacann Sigmar Recruitment le freagracht ar bith maidir le mír chumarsáide nach léann nó nach bhfaigheann an t-iarratasóir.

Ba chóir d’iarratasóirí a bheith ar fáil ar an dáta (na dátaí) a shonraíonn Sigmar Recruitment Consultants Ltd agus a bheith cinnte go bhfuil na sonraí comhfhreagrais a luaitear ar an bhfoirm iarratais cruinn ceart.

## An Próiseas Roghnúcháin:

D'fhéadfadh na gnéithe seo a leanas a bheith ag baint leis an bPróiseas Roghnúcháin:

- CV cuimsitheach agus Foirm Iarratais (Roinn A, B & C) a chur isteach
- Gearrliostú iarrthóirí a chur le chéile bunaithe ar an eolas a thugtar sna hiarratais
- Agallamh tosaigh/réamhagallamh
- Cur i láthair nó bearta eile
- Agallamh críochnúil ar bhonn iomaíochta
- Aon tástáil nó bearta eile a mheastar a bheith oiriúnach

**Gearrliostú:**

Is iondúil go mbíonn líon na n-iarratas a fhaightear ar phost níos mó ná an líon is gá chun folúntais reatha nó folúntais ionchais don phost sin a líonadh. Cé go dtarlódh go sásaíonn tú na coinníollacha agus go bhfuil tú incháilithe don chomórtas, sa chás go mbíonn líon na ndaoine a chuireann isteach ar an bpost chomh hard agus nach den phraiticiúlacht gach iarrthóir a chur faoi agallamh, d'fhéadfadh go socródh Sigmar Recruitment Consultants Ltd gur líon iarratasóirí is ísle ná sin a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh. Déanann Sigmar Recruitment Consultants Ltd foráil ina leith sin do phróiseas gearrliostaithe a úsáid d'fhonn daoine a roghnú le cur faoi agallamh ar cosúil, bunaithe ar scrúdú a dhéanamh ar an bhfoirm iarratais agus ar an CV, gurb iad is oiriúnaí a bheadh don phost. Déanfaidh bord saineolaithe na foirmeacha iarratais a scrúdú i gcomórtas le critéir réamhshonraithe atá bunaithe ar riachtanais an phoist. Ní hé sin le rá gur gá nach mbeadh iarrthóirí eile oiriúnach nó nach mbeadh ar a gcumas tabhairt faoin gcúram; is é atá i gceist go bhfuil iarrthóirí áirithe ar cosúil, bunaithe ar an iarratas a chuir siad isteach, ar cáilithe iad agus/nó ar mó an taithí atá acu. Is é do leas, dá bhrí sin, cuntas mionsonraithe, cruinn, a thabhairt ar an bhfoirm iarratais ar na cáilíochtaí agus ar an taithí atá gnóthaithe agat.

**Cúrsaí Rúndachta:**

Faoi réir ag forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, pléifear i modh rúin leis na hiarratais.

**Eolas Tábhachtach Eile:**

Ní bheidh freagracht ar Sigmar Recruitment Consultants Ltd i ndáil le haon chostas a tharraingíonn na hiarrthóirí orthu féin a aisíoc.

Ní ceart a thuiscint ó dhuine a ligean isteach ar chomórtas, nó cuireadh chun agallaimh, nó ó fhógra maidir le dea-thoradh, go bhfuil Sigmar Recruitment Consultants Ltd den tuairim go gcomhlíonann an té sin na coinníollacha nó nach séantar sealbhú an phoist faoin dlí ar an té sin agus ní thugtar urrús ar an gcaoi sin go ndéanfar an t-iarratas a mheas níos mó. Is den tábhacht, dá bhrí sin, go dtabharfá chun aire gur ortsa atá de chúram a chinntiú go sásaíonn tú na coinníollacha incháilithe ar fad maidir leis an gcomórtas sula dtagann tú i láthair ag agallamh. Sa chás nach sásaíonn tú na coinníollacha bunriachtanacha iontrála sin, agus go dtagann tú i láthair ag agallamh ina ainneoin sin, beidh costas gan tairbhe á tharraingt agat ort féin.

Sula molann Sigmar Recruitment Consultants Ltd iarrthóir ar bith a cheapadh sa phost seo, déanfar gach fiosrúchán a mheasfar a bheith riachtanach chun oiriúnacht an iarratasóra sin a dhearbhú. Go dtí go mbíonn gach céim den phróiseas earcaíochta tugtha chun críche go hiomlán, ní féidir cinneadh críochnúil a dhéanamh ná ní féidir a mheas ná a thuiscint go bhfuil cinneadh den sórt sin déanta.

Sa chás go ndiúltaíonn an té a mholtar don cheapachán glacadh leis an bpost, nó sa chás go ligeann duine den sórt sin uaidh/uaithi an post tar éis glacadh leis an gceapachán, is féidir leis an mBord, dá thogra féin, duine eile a roghnú agus a mholadh maidir leis an gceapachán bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin seo.




**Cearta na nIarratasóirí - Nós Imeachta Athbhreithniúcháin maidir leis an bPróiseas Roghnúcháin**

Déanfaidh Sigmar Recruitment Consultants Ltd iarratas maidir le hathbhreithniú a mheas i gcomhréir le forálacha na gcód cleachtais atá foilsithe ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Tá na Cóid Cleachtais sin ar fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin http://www.cpsa.ie/.

Sa chás go mbeadh iarrthóir míshásta faoi bheart nó faoi chinneadh i ndáil leis an iarratas (agus bainistíocht i ndáil leis an roghnú á dhéanamh ag Sigmar Recruitment), is féidir aiseolas a iarraidh ar Sigmar Recruitment. Déanfaidh duine caidrimh earcaíochta an iarrthóra athbhreithniú ar dtús ar an gcúis nár éirigh leis an iarratas. Cuirfear toradh an athbhreithnithe sin ar aghaidh chuig an iarrthóir i scríbhinn.

- Chun athbhreithniú tosaigh a iarraidh, ní mór don iarrthóir scríobh chuig Sigmar taobh istigh de 5 lá oibre ó fhaightear fógra faoin gcinneadh maidir leis an iarratas. Déanfaidh Sigmar athbhreithniú tosaigh gan mhoill. Sa chás go mbíonn an t-iarrthóir míshásta leis an toradh air sin, is féidir dul i mbun nós imeachta foirmeálta taobh istigh de dhá lá oibre ó fhaightear an fógra faoin toradh a bhí ar an athbhreithniú tosaigh.

- Sa chás nach mbíonn an t-iarrthóir sásta leis an toradh a bhíonn ar an athbhreithniú tosaigh, déanfar a chur faoi bhráid Stiúrthóir an Chuntais a fheidhmíonn mar eadránaí faoin gcinneadh.

- Is duine nach bhfuil ceangailte leis an bpróiseas roghnúcháin a fheidhmíonn mar eadránaí faoi chinneadh agus eisean/ise a thugann breith faoi iarratais ar athbhreithniú. Níl dul thar an gcinneadh a dhéanann eadránaí faoi chinneadh i leith an ábhair.

**Dualgas an Iarrthóra**

Ba chóir don iarrthóir a thabhairt chun aire go gcuirfidh canbhásáil an t-iarrthóir as an áireamh agus amach as an bpróiseas.

**Níor cheart d'iarrthóir:**

- Faisnéis atá bréagach a thabhairt d'aon ghnó ná go míchúramach
- Stocaireacht a dhéanamh ar aon duine, cibé breab nó dreasacht á thairiscint
- Cur isteach ar an bpróiseas ná dochar a dhéanamh dó ar aon bhealach
- Níor cheart don tríú páirtí a theacht in ainm iarrthóra tráth ar bith i rith an phróisis.

Tá duine ar bith a sháraíonn na forálacha sin thuas nó a chuidíonn le duine eile na forálacha thuas a shárú ciontach i gcoir. Tá i ndán go ngearrfaí fíneáil nó príosúnacht ar an té a fhaightear ciontach i gcoir.

Anuas air sin, sa chás is gur iarrthóir i bpróiseas earcaíochta an té a fhaightear ciontach i gcoir:

- Más amhlaidh nár ceapadh an té sin i bpost go fóill, cuirfear é/í as an áireamh mar iarrthóir; agus
- Más amhlaidh a ceapadh an té sin tar éis an phróisis earcaíochta atá faoi chaibidil, géillfidh sé/sí an ceapachán.

**Critéir faoi leith maidir le hiarrthóirí**

**Ní mór d'iarrthóirí:**

- An t-eolas a bheith acu agus an cumas a bheith iontu dualgais an phoist a chomhlíonadh
- A bheith oiriúnach ó thaobh tréithe pearsanta
- A bheith oiriúnach ó thaobh gach ní eile a bhaineann le hábhar le ceapadh sa phost

agus, sa chás go n-éiríonn leis an iarratas, ní cheapfar iarrthóir sa phost murar amhlaidh:

- Go n-aontaítear na dualgais a ghabhann leis an bpost a chomhlíonadh agus glacadh leis na coinníollacha faoina ndéantar na dualgais a chomhlíonadh nó faoina bhféadfaí a éileamh na dualgais a chomhlíonadh
- Go bhfuiltear lán inniúil agus ar fáil chun tabhairt faoi na dualgais a ghabhann leis an bpost agus lánchumasach maidir leis sin a dhéanamh
- Go ndeimhnítear go bhfuiltear ábalta ó thaobh cúrsaí leighis tabhairt faoin gceapachán

**A mheas go bhfuil Iarrthóir tar éis tarraingt siar**

Ní féidir le hiarrthóir nach dtagann i láthair ag agallamh nó ag tástáil de chineál eile san áit agus ag an tráth a n-éilíonn Sigmar Recruitment sin, nó nach ndéanann, ar sin a iarraidh air nó uirthi, fianaise de chineál a theastaíonn ó Sigmar Recruitment i ndáil le hábhar ar bith a bhaineann leis an iarratas, a chur ar fáil, a éileamh go ndéanfaí iarratas a mheas thairis sin.

**Seirbhís Ardchaighdeáin don Chustaiméir**

Féachtar le seirbhís ar chaighdeán den scoth a chur ar fáil do gach custaiméir. Má tharlaíonn, ar chúis ar bith, go mbeifí míshásta le gné ar bith den tseirbhís a chuirtear ar fáil duit, impímid ort sin a thabhairt chun aire an aonaid nó an bhall foirne atá i gceist. Tá tábhacht leis sin ionas go gcinntítear go dtuigtear an fhadhb a bheith ann agus gur féidir linn na bearta cuí a dhéanamh d'fhonn a réiteach. Tabharfar aiseolas ach a iarraidh i scríbhinn.

**Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003**

Ar fhoirm iarratais a theacht uait, cruthaítear taifead faoi d'ainm lena ngabhann cuid mhór den fhaisnéis phearsanta a chuireann tú ar fáil. Is ar mhaithe le d'iarratas a phróiseáil amháin a úsáidtear an taifead pearsanta sin agus sa chás go n-éiríonn le d'iarratas, cuirtear faisnéis áirithe a chuir tusa ar fáil ar aghaidh go dtí an eagraíocht fostaíochta. Tagann faisnéis den sórt sin atá ar coimeád faoi réir chearta agus dualgais a leagtar amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 & 2003.

Chun iarratas a dhéanamh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 & 2003, seoltar iarratas i scríbhinn chuig: An Comhordaitheoir maidir le Cosaint Sonraí – Seirbhísí Bainistíochta, Sigmar Recruitment Consultants Ltd, 13 Sráid Hume, Baile Átha Cliath 2. Deimhnítear go dtugtar cuntas chomh mion agus is féidir ar na taifid atá á lorg ionas gur féidir linn an taifead a bhaineann le hábhar a thabhairt chun suntais. Ba chóir táille €6.35 a chur leis an iarratas. Ba cheart íocaíocht a dhéanamh le dréacht bainc, ordú airgid nó seic phearsanta agus a dhéanamh amach le híoc le 'Sigmar Recruitment Consultants Ltd.' Déantar míreanna áirithe faisnéise, nach mbaineann le haon duine amháin go sonrach, a thiomsú as na taifid ar mhaithe le hábhar staitisticí ginearálta.















Roger Duffy
13 Hume Street
D02 F861

+353 87 952 6489

Sigmar Recruitment